

AN MARBHÚ I MÁM TREASNA

Tonónta a bhí i Seán Seoige a marbhuigheadh i Mám Treasna fadó. Bhí se pósta agus agus cuid dá chlann tógtha. Bhí bean óg d'inghin aige. Bhí sé de cháil air go mbíodh sé a' goid caorach agus dhá n-ithe, agus sin é a raibh d'ughdar le na mharbhú, dubhradh. Bhí fear saidhbhir de thonónta a raibh a chuid caorach dá marbhú, agus bhí sé ráidhte go dtug sé luach saothar don dream a mharbhuigh Seán Seoige.

An oidhche ar marbhuigheadh é bhí sé sa teach, é féin, a bhean is a chlann, is a mháthair, nach raibh sa teach le seacht mbliana roimhe sin go dtí an oidhche chéadna. Bhí bean óg de Chathasach ag sníomhachán ann an lá céadna agus an oidhche. Nuair a bhí sé in am codlata bhí siad ag iarraidh an bhean óg de Chathasach a choinneál go maidin ach níor fhan sí. D'fanfadh marach go dtáinig an tseanbhean 'un a' tighe an oidhche chéadna agus chuaidh sí abhaile. Is dóchaidhe nach i bhfad a bhí sí imighthe – bhí an oidhche gearr i lár an tsamhraidh – nuair a tháinigeadar. Bhriseadar isteach an doras agus mharbhuigheadar fear a' tighe an chéad uair. Urchar a chuireadar ann. Chuadar amach annsin.

"Meas tú" adeir an tseanmháthair leis an inghin, "cé hiad sin?"

"Ó stop" ar sise, "Aithnighim ar fad iad."

Bhí na fir ina seasamh taobh amuich den fhuinneog. Chuala siad í dá rádh gur aithnigh sí iad.

"Tá muid crochta anois" ar siad-san.

Chuadar isteach agus mharbhuigheadar a raibh a teach ach aon stóicín amháin ar bhris an leabaidh faoi. Fuair siad ar maidin é agus a phutógaí leis. Na comharsannaí a tháinig isteach ar maidin a fuair iad. Bhí stócach eile de mhac nach raibh ag baile an oidhche sin. Níor marbhuigheadh eisean.

Siad na Maoilrí a mhionnuigh ortha, Seán Mhaoilre agus Antoine Mhaoilre agus a gclann. Seoigigh iad sin freisin.

Crochadh triúr, agus fear nach raibh cionntach, Maoilre Seoighe, fear pósta. Nuair a bhí sé dá chrochadh bhris an rópa agus dubhairt sé nach raibh aon rópa i nGaillimh a chrochfadh é nuair nach raibh sé cionntach. Dubhairt na crochadóir go bhfuighfeadh se rópa a chrochadh é. Bhí beirt den dream a d'amhduigh go raibh siad cionntach, an mac agus an t-athair, níor crochadh iad-san. Cuireadh go Spike Island iad lena saoghal. Nuair a tháinig Lord Dudley d'osgail sé na príosúin ar fad agus tháinig an t-athair agus an mac abhaile. Feictear dom nar mhair an t-athair aon achar. Thug an Riaghaltas ar siúl an bheirt den chlann nár mrbhuigheadh. Ní fios cá ndeachaidh siad. Ní bhfuair mé aon tuairisg ortha.

Bhí dreithiúr den fhear a marbhuigheadh pósta i dTír na Cille agus dreithiúr i dTamhain a' Lín, agus bhí dreatháir i gCill Bríde, agus beirt. Ba mhór an t-ár an marbhú san am. Chonnaic mé bean Thír na Cille a' gul amach chuig an tórramh an lá a fuair sí an sgéal go raibh an dreatháir marbh, a bhean agus a chlann.